Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14801/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0334 (NLE)**

**CLIMA 493**
**ENV 1137**
**ENER 566**
**TRANS 508**
**ECOFIN 1449**
**COMPET 1090**
**IND 469**
**MI 850**
**AELE 99**
**CH 52**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 657 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 657 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 657 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.10.2025
COM(2025) 657 final

2025/0334 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh

Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena nasctar a gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa[1] ('an Comhaontú'), déantar Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) a nascadh le Córas Trádála Astaíochtaí na hEilvéise trí chead a thabhairt lamháltais a eisítear i gcóras amháin a thrádáil agus a úsáid ar mhaithe le comhlíonadh. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

### 2.2. An Comhchoiste

Tá an Comhchoiste, a bunaíodh le hAirteagal 12 den Chomhaontú, freagrach as an gComhaontú a riar agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é. Féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh iarscríbhinní nua a ghabhann leis an gComhaontú a ghlacadh nó iarscríbhinní atá ann cheana a leasú.

Le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú, foráiltear go bhféadfaidh an Comhchoiste a chinneadh Iarscríbhinn nua a ghlacadh nó Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú cheana a leasú.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Le linn an ochtú cruinniú den Chomhchoiste, a thionólfar in 2025, nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste[2], glacfaidh sé cinneadh maidir le leasuithe a dhéanamh ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na critéir fhíor-riachtanacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ailíniú le reachtaíocht tugtha cothrom le dáta san Aontas Eorpach agus i gCónaidhm na hEilvéise araon.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú. Thairis sin agus i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Chomhaontú, na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo, ar theacht i bhfeidhm dóibh, beidh siad ceangailteach ar na Páirtithe.

---

1 IO L 322, 7.12.2017, lch. 3.

2 Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Nascadh an 25 Eanáir 2019 i ndáil le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/clima/system/files/2021-07/20191201_jc_dec_rop_en.pdf agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018, IO L 239 an 24.9.2018, lch. 8.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an gCinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar an togra seo ón gCoimisiún cinntear seasamh an Aontais Eorpaigh maidir leis an gCinneadh ón gComhchoiste atá le glacadh i ndáil le hIarscríbhinn I a leasú.

Tá gá le leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú i bhfianaise na n-athruithe a tháinig ar an timpeallacht rialála san Aontas Eorpach agus san Eilvéis araon ó rinneadh na leasuithe deireanacha ar Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste[3]. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle athruithe[4] ar Threoir 2003/87/CE[5] d'fhonn rannchuidiú iomchuí córas trádála astaíochtaí an Aontais leis an sprioc laghdaithe astaíochtaí faoi 2030 a chinneadh, ar sprioc í a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Ní mór na hathruithe sin a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú chun comhoiriúnacht agus sláine margaidh na gcóras nasctha a choinneáil ar bun, chun saobhadh iomaíochta idir na córais nasctha agus sceitheadh carbóin ó na córais nasctha a sheachaint.

I gcuid A (suiteálacha do-aistrithe) d'Iarscríbhinn I, na hathruithe ábhartha ar théacs cholún an Aontais atá ceaptha comhlíonadh na gcritéar fíor-riachtanach a léiriú tar éis ghlacadh an leagain athbhreithnithe de Threoir 2003/87/CE[7], baineann siad go príomha le hoiriúnuithe eagarthóireachta i ndáil le teacht i bhfeidhm na dtéacsanna dlíthiúla ábhartha ar thaobh an Aontais (leasuithe ar chritéir fhíor-riachtanacha Uimh. 2, 3, 6, 10, 11, 12, 13) agus nuashonruithe ar na tagairtí dlíthiúla (leasuithe ar chritéir fhíor-riachtanacha Uimh. 5 agus 10). Níor leasaíodh ach téacs chritéar 4 d'fhonn toradh Threoir 2003/87/CE athbhreithnithe[8] a léiriú i gcolún an Aontais agus i gcolún na hEilvéise araon. Is oiriúnuithe eagarthóireachta iad gach leasú eile ar cholún na hEilvéise i gCuid A d'Iarscríbhinn I i ndáil le teacht i bhfeidhm na dtéacsanna dlíthiúla ábhartha.

Maidir le Cuid B (oibreoirí eitlíochta) d'Iarscríbhinn I, d'fhonn comhlíontacht an téacs i gcolún an Aontais leis na critéir fhíor-riachtanacha is gá athruithe a dhéanamh ar theacht i bhfeidhm na bhforálacha dlíthiúla ábhartha (critéir 12 agus 14) agus, ina theannta sin, na tagairtí dlí a thabhairt cothrom le dáta (critéir 2, 4, 5 agus 7). Thairis sin, rinneadh téacs chritéir 4, 11 agus 12 i gcolún an Aontais a choigeartú chun toradh an athbhreithnithe ar Threoir 2003/87/CE[9] a léiriú mar is ceart. Ar an gcúis chéanna, athraíodh teideal chritéar fíor-

---

3 IO L an 25.1.2024, 2024/301, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/301/oj

4 Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe, IO L 130 16.5.2023, lch. 115 agus Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, IO L 130 an 16.5.2023, lch. 134

5 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle, IO L 275, 25.10.2003, lch. 32

6 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach'), IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.

7 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle

8 Féach fonóta 4

9 Ibid.

riachtanach 8 agus coigeartaíodh an téacs i gcolún an Aontais dá réir. Baineann sé sin freisin le critéar 6, ina ndearnadh colúin an Aontais agus na hEilvéise a chumasc agus téacs coiteann a thabhairt isteach.

I gcolún na hEilvéise de Chuid B, bhí gá le hathruithe eagarthóireachta i ndáil le teacht i bhfeidhm reachtaíocht ábhartha na hEilvéise le haghaidh chritéir fhíor-riachtanacha 2, 5, 13, 14 agus 15. Baineann sé sin freisin le critéir 4, 8 agus 12, a léiríonn tabhairt cothrom le dáta na tagartha dlí freisin. Thairis sin, mar atá i gcolún an Aontais, rinneadh téacsanna chritéir 4, 7 agus 11 de cholún na hEilvéise a choigeartú chun go mbeidh siad ag teacht leis an gcur chuige ar a dtugtar tuairisc i gcolún an Aontais.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a cuireadh ar bun de bhun Airteagal 12 den Chomhaontú.

An gníomh, a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhshaol.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é, leis an ngníomh ón gComhchoiste, go leasófar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2025/0334 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (‘an Comhaontú’) i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

(2) De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm do na cinntí sin.

(3) Foráiltear le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú go bhféadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(4) Is iomchuí comhsheasmhacht a athbhunú leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme maidir le córais trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na hEilvéise tar éis an athbhreithnithe ar Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] trí bhíthin Threoracha (AE) 2023/958[3] agus 2023/959[4].

---

1 Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle an 23 Eanáir 2018 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 43 an 16.2.2018, lch. 1).

2 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

3 Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115).

4 Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 130).

(5) Le linn an ochtú cruinniú den Chomhchoiste, nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, meastar go nglacfaidh sé Cinneadh lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú. Beidh an Cinneadh sin ceangailteach ar an Aontas.

(6) Dá bhrí sin, is gá an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú.

(7) Ba cheart seasamh an Aontais a bhunú ar an dréacht-Chinneadh atá i gceangal leis seo chun comhoiriúnacht agus sláine margaidh an dá chóras nasctha a choinneáil ar bun agus chun saobhadh iomaíochta agus sceitheadh carbóin a sheachaint,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an ochtú cruinniú den Chomhchoiste, nó níos luaithe tríd an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú, beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhchoiste mionathruithe ar an dréacht-Chinneadh a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*